Cuntas Leithreasa 2015

# Vóta 21

# Príosúin

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 21, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an suim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015 ar na tuarastail agus costais de chuid na Seirbhíse Príosúin, agus costais eile maidir le príosúin, lena n-áirítear ionaid choinneála; le haghaidh seirbhísí promhaidh agus íocaíocht deontais-i-gcabhair.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2015, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair um chaiteachas i gcomhair na bliana.

Dlitear barrachas €1.26 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas seo é an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Talamh agus foirgnimh***

Tá seilbh ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar 14 phríosún agus ionad coinneála, chomh maith le réadmhaoin ag Coláiste Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, Portlaoise agus réadmhaoin cóngarach d'Fhoirgneamh na Ceanncheathrún sa Longfort, agus láithreáin eile i mBáile Átha Cliath: ceann acu cóngarach do Phríosún Chnoc na Seamar, agus eile i Cill Mhaighneann agus i mBaile na Sceach.

Luacháil an Oifig Luachála an talamh ag luach úsáide reatha nó ag luach margaidh (mura raibh sí in úsáid) le linn 2014. Táthar ag leanúint ar aghaidh ag luacháil na talún ag Halla Thornton ar a costas, lena n-áirítear infheistíocht i mbonneagar agus i seirbhísí, ar feitheamh athbhreithnithe ar a luach agus a sochar féideartha don Stát. Déanfar athbhreithniú ar an suíomh seo ar bhonn bliantúil.

Tá an bunús maidir le foirgnimh príosúin a luacháil - meánchostas athsholáthair in aghaidh na cille - gan athrú.

Talamh agus foirgnimh na bpríosún a athluacháil gach cúig bliana - beidh an chéad athluacháil bheartaithe eile ar siúl in 2019. Ní dhéantar foirgnimh a dhímheas sna blianta idir athluachálacha, ar an mbonn gur leor caiteachas cothabhála leanúnach bliantúil lena mbail a chothabháil. Gan talamh agus foirgnimh a áireamh, déantar gach sócmhainn chaipitil eile a dhímheas de réir méid cothrom thar a saolré ionchais mheasta, ag tosú sa mhí inar cuireadh i bhfeidhm iad.

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don chóras rialaithe airgeadais inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an tSeirbhís Phríosúin na hÉireann.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Seirbhísí Comhroinnte***

Cuireann an tIonad um Sheirbhísí Comhroinnte Párolla (SCP) seirbhísí próiseála párolla ar fáil don tSeirbhís Príosún. Feidhm atá á bainistiú ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe is ea an SCP.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta le haghaidh Seirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á gcur ar fáil do Sheirbhís Príosún na hÉireann.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach.
- Athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- Córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Seirbhís Phríosúin.
- Córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC.
- Treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.
- Cinntíonn an tSeirbhís Phríosúin go gcuirtear fócas iomchuí ar dhea-chleachtas ceannaigh agus go bhfuil gnáthaimh i bhfeidhm chun comhlíonadh a chinntiú le gach treoirlíne ábhartha.
- San iomlán, tuairiscíodh 38 socrú soláthair dar luach iomlán €7,956,042 faoi Chiorclán 40/2002 sa bhliain 2015. Miondealaítear iad mar seo a leanas:
    a) Dhá cheannachán phráinneacha dar luach iomlán €86,653
    b) Bhí ceithre cheannachán déag dhílsithe ina gcúis le costas iomlán €2,435,188
    c) Rinneadh sé chonradh reatha soláthair dar luach €1,370,839 a shíneadh/a thabhairt ar aghaidh
    d) Tháinig dhá chás aníos nach raibh ach soláthraí oiriúnach amháin ar fáil iontu agus ba é €121,526 luach na gconarthaí sin
    e) Chuathas isteach i seacht socrú/dtairiscint áitiúla dar luach €506,136
    f) Léirítear seacht gcás soláthair eile dar luach €3,435,700 sa toradh i gCiorclán 40/02. Tháinig na cásanna sin chun cinn den chuid ba mhó le linn tréimhse ina rabhthas ag fanacht le tabhairt chun críche na dtairiscintí láraithe san Oifig um Sholáthar Rialtais agus in Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais.

Tugadh tairiscintí chun críche ó shin i leith maidir le trí cinn déag de na míreanna a thuairiscítear thuas. Is ionann a luach iomlán agus €4,664,404. Áirítear leo sin sé chonradh soláthair a síneadh/a tugadh ar aghaidh. Tá an-dul chun cinn déanta ar an bpróiseas tairisceana i dtrí chás eile.

D'íoc Seirbhís Phríosúin na hÉireann €520,250 i 2015 mar shocraíocht deiridh éilimh ar oibreacha breise agus ar mhoill i dtaca le rochtain láithreáin le linn chéim thógála thionscadail tógála i bPríosún Pháirc na Cruithneachta. Ceadaíodh an íocaíocht deiridh i gceart ag an mbainistíocht shinsearach sa tSeirbhís Phríosúin. Níor cuireadh, áfach, idirbheartú an éilimh agus ceadú an cheangaltais in iúl tríd an Stiúrthóir cuí agus tríd an mBord Maoirseachta cuí. Tá an tSeirbhís Phríosúin ag cur próiseas feabhsaithe i bhfeidhm chun cinntiú go mbainistítear cur in iúl agus ceadú thiomantas le haghaidh caiteachais ábhartha chaipitil ar bhealach níos éifeachtaí.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an tSeirbhís Phríosúin le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre. Déantar na pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh a fhaomhadh ag an gCoiste Iniúchta agus cuireann siad an anailís seo san áireamh. Bíonn sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn leanúnach thar thréimhse réasúnta. Déantar athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh go tréimhsiúil ag an gCoiste Iniúchta. Tá mé sásta go bhfuil gnáthaimh i bhfeidhm le cinntiú go ndéantar obair leantach maidir le tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaí.

**Noel Waters**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

31 Márta 2016

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 21 Príosúin

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 21 Príosúin don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin sa tSeirbhís Phríosúin agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 21 Príosúin don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an tSeirbhís Phríosúin. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

***Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair***

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú airgeadais inmheánaigh gur tharla cás ábhartha de neamhchomhlíonadh le rialacha náisiúnta soláthair maidir le conradh a bhí ag feidhmiú i 2015.

**Seamus MacCárthaigh**

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

16 Lúnasa 2016

# Vóta 21 Príosúin
## Cuntas Leithreasa 2015

| | | | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar | Meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas cláir** | | | | | |
| A | Riarachán agus soláthar coimeádta sábháilte, slán, daonnachtúil agus athshlánúcháin do dhaoine a chuirtear chun príosúin | | | | |
| | *Bunaidh* | 325,977 | | | |
| | *Forlíontach* | 6,205 | | | |
| | | | 332,182 | 331,203 | 335,341 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | |
| | *Bunaidh* | 325,977 | | | |
| | *Forlíontach* | 6,205 | | | |
| | | | **332,182** | **331,203** | **335,341** |
| | *Asbhain:* | | | | |
| **B** | **Leithreasaí i gcabhair** | | | | |
| | *Bunaidh* | 15,734 | | | |
| | *Forlíontach* | (92) | | | |
| | | | **15,642** | **15,922** | **16,351** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Bunaidh* | 310,243 | | | |
| | *Forlíontach* | 6,297 | | | |
| | | | **316,540** | **315,281** | **318,990** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá barrachas an mhéid a soláthraíodh le hais an ghlanmhéid faoi dhliteanas don ghéilleadh don Státchiste.

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr le tabhairt suas | 1,259,379 | 1,204,687 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | | | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna aghus liúntais | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 230,600 | | | |
| | | *Forlíontach* | 5,000 | 235,600 | 235,013 | 236,926 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | | | 1,816 | 1,894 | 1,861 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 3,860 | | | |
| | | *Forlíontach* | (521) | 3,339 | 2,795 | 2,344 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | | 2,900 | 2,935 | 3,402 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 4,480 | | | |
| | | *Forlíontach* | 530 | 5,010 | 5,672 | 4,341 |
| vi | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 100 | | | |
| | | *Forlíontach* | (100) | — | — | — |
| | | | | 248,665 | 248,309 | 248,874 |

# Nótaí don Chuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2015

| | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas cláir | | 82,894 | 86,467 |
| Pá | | 235,013 | 236,926 |
| Neamhphá | | 13,296 | 11,948 |
| **Ollchaiteachas** | | **331,203** | **335,341** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **15,922** | **16,351** |
| **Glanchaiteachas** | | **315,281** | **318,990** |
| | | | |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Airgead tirim um cheannachán | (2,338) | | |
| Dímheas | 1,914 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 5 | (419) | (1,081) |
| | | | |
| **Athruithe maidir le sócmhainní atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí in airgead tirim | | (28,826) | (26,564) |
| | | | |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhraithe deiridh | 1,503 | | |
| Méadú stoic | 131 | | |
| | | 1,634 | (2,897) |
| **Caiteachas díreach** | | **287,670** | **288,448** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 44,387 | 41,523 |
| **Glanchostas cláir** | | **332,057** | **329,971** |

**1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara**

Tá glanchaiteachas na seirbhísí gaolmhara déanta suas de na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 21 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | m | 270 | 135 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | m | 43,088 | 40,037 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 203 | 216 |
| Vóta 18 Seirbhísí Comhroinnte | m | 219 | 568 |
| Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas - an tIonad um Sheirbhísí Comhroinnte Airgeadais | m | 607 | 567 |
| | | 44,387 | 41,523 |

Tugann "m" le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

[a] Athbhreithníodh figiúr 2014 maidir le Vóta 12 hAoisliúntais agus Liúntais ar Scor chun an mhodheolaíocht nuashonraithe a léiriú a úsáideadh ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun an tsuim mheasta a áireamh do 2015.

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2015

| | Nóta | 2015<br>€000 | 2014<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Caipitil** | 2.2 | 889,370 | 887,331 |
| **Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | 2.3 | 55,667 | 28,461 |
| | | **945,037** | **915,792** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 7,933 | 8,270 |
| Stoic | 2.5 | 1,039 | 1,170 |
| Réamhíocaíochtaí | | 380 | 450 |
| Ioncam fabhraithe | | 91 | 52 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 469 | 603 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **9,912** | **10,545** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.8 | 259 | 48 |
| Costais fhabhraithe | | 4,174 | 2,702 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.7 | 8,143 | 8,825 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **12,576** | **11,575** |
| **Glandliteanais reatha** | | **(2,664)** | **(1,030)** |
| **Glansócmhainní** | | **942,373** | **914,762** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **942,373** | **914,762** |

| **2.1 Cuntas Maoiniú Stáit** | **Nóta** | | **2015** | **2014** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 914,762 | 834,286 |
| Athluacháil talún agus foirgneamh | | | — | 50,735 |
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 316,540 | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (1,259) | | |
| Vóta glan | | | 315,281 | 318,990 |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile | 1 | | 44,387 | 41,523 |
| Aistriú go dtí an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais | 2.2 | | — | (801) |
| Costas glan clár | 1 | | (332,057) | (329,971) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **942,373** | **914,762** |

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Talamh agus foirgnimh | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Mótar-fheithiclí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2015 | 883,258 | 69,155 | 811 | 8,543 | 961,767 |
| Breiseanna | 1,620 | 2,147 | — | 191 | 3,958 |
| Diúscairtí | — | (136) | (1) | (35) | (172) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2015 | 884,878 | 71,166 | 810 | 8,699 | 965,553 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2015 | — | 65,979 | 678 | 7,779 | 74,436 |
| Dímheas don bhliain | — | 1,423 | 32 | 459 | 1,914 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (136) | (1) | (30) | (167) |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2015 | — | 67,266 | 709 | 8,208 | 76,183 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2015** | **884,878** | **3,900** | **101** | **491** | **889,370** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2014** | **883,258** | **3,176** | **133** | **764** | **887,331** |

**2.3 Sócmhainní Caipitil á bhForbairt**

| ag 31 Nollaig | **Conarthaí tógála** | |
|---|---|---|
| | **2015** | **2014** |
| | **€000** | **€000** |
| Méideanna tugtha ar aghaidh ag 1 Eanáir | 28,461 | 3,956 |
| Íocaíochtaí airgid tirim don bhliain | 28,826 | 26,564 |
| Aistrithe go clár sócmhainne | (1,620) | (2,059) |
| | 55,667 | 28,461 |

| **2.4 Banc agus Airgead Tirim** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna Phámháistir Ghinearálta agus airgead tirim | 7,821 | 8,011 |
| Cuntais bhainc thráchtála | 112 | 259 |
| | 7,933 | 8,270 |

| **2.5 Stoic** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Éide agus éadach | 916 | 1,035 |
| Troscán agus ábhar cothabhála | 28 | 30 |
| Ilghnéitheach | 95 | 105 |
| | 1,039 | 1,170 |

| **2.6 Iarmhéideanna Dochair Eile** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Óinchistí | 150 | 120 |
| Cuntas fionraí párolla (Pá-chonair) | 61 | 204 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 258 | 279 |
| | 469 | 603 |

| **2.7 Iarmhéideanna Creidmheasa Eile** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 4,420 | 4,460 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 1,877 | 1,836 |
| Cáin Shiarchoinneálach | 239 | 141 |
| Cáin Bhreisluacha | 930 | 1,510 |
| Cáin Fhoirgníochta | — | 13 |
| Cáin asbhainte ó aisíocaíochtaí ranníocaíochtaí pinsin | — | 1 |
| | 7,466 | 7,961 |
| Asbhaintí párolla coinnithe ar fionraí | 675 | 626 |
| Míreanna fionraí creidmheasa eile | 2 | 238 |
| | 8,143 | 8,825 |

| **2.8 Glandliteanas don Státchiste** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | 1,259 | 1,205 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh anuas | (1,000) | (1,157) |
| Glandliteanas don Státchiste | 259 | 48 |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 7,933 | 8,270 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 469 | 603 |
| | 8,402 | 8,873 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (7,466) | (7,961) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (677) | (864) |
| | (8,143) | (8,825) |
| | | |
| | 259 | 48 |

| **2.9 Ceangaltais** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| **(a) Ceangaltais Dhomhanda** | | |
| Iomlán na gceangaltas infhorghníomhaithe le dlí | 4,657 | 2,187 |

**(b) Ceangaltais Ilbhliantúla Chaipitiúla**

| | Caiteachas a fhad leis an 31 Nollaig 2014 | Caiteachas 2015 | Tiomantais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin | Saol iomlán ionchais caiteachais an tionscadail 2015 | Saol iomlán ionchais caiteachais an tionscadail 2014 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Príosún Chorcaí | 22,262 | 22,241 | 782 | 45,285 | 42,431 |

Léiríonn an figiúr le haghaidh caiteachas blianta roimhe seo ceangaltais inar iontráladh conarthaí foirmiúla an 31 Nollaig 2015.

**Athrúcháin shuntasacha**

Tugtar míniú thíos sa chás gur tháinig méadú de bhreis ar €500,000 ar ghealltanais ilbhliantúla idir 2014 agus 2015.

| Cur síos | Méid an mhéadaithe €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Príosún Chorcaí | 2,854 | Tharla méadú i gcostas iomlán an tionscadail mar gheall ar roinnt orduithe athraithe a faomhadh ag Bord Maoirseachta Tionscadal Caipitil SPÉ le linn 2015. |

**2.10 Dliteanais aibithe**

Ní raibh aon dliteanais aibithe neamhscaoilte amhail dheireadh na bliana (2014: Nil).

## 3 Caiteachas Cláir de réir Fo-mhírcheann

| | | | | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Riarachán agus soláthar coimeádta sábháilte, slán, daonnachtúil agus athshlánúcháin do dhaoine a chuirtear chun príosúin** | | | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 230,600 | | | |
| | | *Forlíontach* | 5,000 | 235,600 | 235,013 | 236,926 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 13,156 | | | |
| | | *Forlíontach* | (91) | 13,065 | 13,296 | 11,948 |
| A.3 | Foirgnimh agus trealamh | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 45,188 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1,992 | 47,180 | 47,099 | 49,503 |
| A.4 | Seirbhísí príosúin | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 28,976 | | | |
| | | *Forlíontach* | (2,362) | 26,614 | 26,524 | 28,335 |
| A.5 | Seirbhísí oibriúcháin | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 3,730 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1,020 | 4,750 | 4,945 | 4,004 |
| A.6 | Seirbhísí oideachais | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,265 | | | |
| | | *Forlíontach* | (165) | 1,100 | 1,123 | 1,101 |
| A.7 | Cúiteamh | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,873 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1,000 | 3,873 | 3,014 | 3,524 |
| A.8 | Bearta míbhuntáiste sóisialta (cistí díomhaoine arna maoiniú) | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 189 | | | |
| | | *Forlíontach* | (189) | — | 189 | — |
| | | | | 332,182 | 331,203 | 335,341 |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Tríd is tríd, an caiteachas i ndáil leis an gClár A €0.98 milliún níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná soláthartha €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán – pá | 587 | Cé gur tháinig coigilt €587,000 aníos, méadaíodh an meastachán bunaidh faoi €5 mhilliún i meastachán forlíontach. Ba é an chúis phríomha leis sin ná gur mhó líon na bpearsan ar seirbhís ná an líon a réamh-mheasadh faoin gCreat Rialaithe Fostaíochta (CRF). Ba é 3,265 dhuine an líon measta ar seirbhís faoin gCreat Rialaithe Fostaíochta ag deireadh na bliana 2015, cé gurb é 3,308 nduine an líon iarbhír a bhí ar seirbhís. Áiríodh le cúis bhreise leis an meastachán forlíontach íocaíocht riaráistí a bhain le haischur párolla áirithe liúntas comhshaoil tar éis an toraidh ar éisteacht eadrána. Bhíothas in ann an leithdháileadh buiséid san fho-mhírcheann seo a mhéadú don bhliain 2016. |
| Riarachán – neamhphá | (231) | Cé go raibh barrachas €231,000 ann, laghdaíodh an meastachán bunaidh faoi €91,000 mar chuid de phróiseas an mheastacháin fhorlíontaigh. Tháinig an barrachas iardain aníos go príomha mar thoradh ar chostais mhéadaithe costais TFC (€660,000) maidir le freastalaithe líonra limistéir stórála agus rp agus taistil agus cothaithe (€80,000). Mar sin féin, bhí coigiltí fritháirimh ann freisin, lenar áiríodh ceannach éidí (€340,000) agus costais eile riaracháin (€169,000). |
| Foirgnimh agus trealamh | 81 | Cé go raibh coigilt €81,000 ann, méadaíodh an meastachán bunaidh faoi €1.992 milliún mar chuid den mheastachán forlíontach. B'amhlaidh sin mar go raibh sé riachtanach réamhoibreacha i dtionscadal forbartha Phríosún Luimnigh a dhéanamh ní ba luaithe ná a bhí beartaithe ar dtús. Ina theannta sin, bhí sé riachtanach cistiú a chur ar fáil le haghaidh mionoibreacha éigeantacha áirithe cothabhála foirgnimh ar fud Eastát na bPríosún. Rinneadh na hoibreacha sin roimh dheireadh na bliana. |
| Seirbhísí príosúnach | 90 | Cé go raibh coigilt €90,000 ann, laghdaíodh an meastachán bunaidh faoi €2.36 milliún mar chuid den mheastachán forlíontach de bharr costas a bhí ní b'ísle ná mar a bhíothas ag súil leis san fho-mhírcheann seo. Bhain an riachtanas laghdaithe sin le laghdú ar líon na bpríosúnach - ba é 3,722 phríosúnach an meánlíon laethúil príosúnach sa bhliain 2015. Ba é 3,916 phríosúnach an meánlíon laethúil príosúnach sa bhliain 2014. Baineadh coigiltí amach freisin i dtaca le soláthairtí glantacháin trí chóras nua dáilte a thabhairt isteach.. |
| Seirbhísí oibriúcháin | (195) | Méadaíodh an meastachán bunaidh faoi €1.02 milliún mar chuid den mheastachán forlíontach. Tháinig an barrachas aníos den chuid ba mhó mar gheall ar chaiteachas méadaithe ar sheirbhísí eile oibriúcháin, lenar áiríodh costais áirithe dlí (nár bhain le cúiteamh) a bhí dlite lena n-íoc. |
| Cúiteamh | 859 | Méadaíodh an meastachán bunaidh faoi €1 mhilliún mar chuid de phróiseas an mheastacháin fhorlíontaigh le go bhféadfaí freastal ar na dámhachtainí féideartha a bheadh dlite lena n-íoc roimh dheireadh na bliana. Tháinig an choigilt aníos mar nár tugadh gach ceann de na dámhachtainí measta cúitimh chun críche roimh dheireadh na bliana. Bíonn sé deacair in amanna uainiú agus méid beacht an chaiteachais a réamh-mheas i dtaca le híocaíochtaí cúitimh. |

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná soláthartha €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Bearta míbhuntáiste shóisialta (arna gcistiú ag Ciste na gCuntas Díomhaoin) | (189) | Laghdaíodh an meastachán bunaidh i bpróiseas an mheastacháin fhorlíontaigh mar go ndearnadh an caiteachas ó thionscadal a formheasadh faoi Scéim na gCuntas Díomhaoin a chur i gcuntas i bhfo-mhírcheann na Seirbhísí Príosúnach (A.4) ar dtús. Ar athbhreithniú dá éis a chur i gcrích, cinneadh go mbeadh sé ní b'oiriúnaí an caiteachas a mhuirearú faoi mhírcheann na gCuntas Díomhaoin agus, dá bhrí sin, faoin gcaiteachas barrachais san fho-mhírcheann seo. Baineann an tionscadal i gceist le clár oiliúna do phríosúnaigh i dtaca le sláinte agus garchabhair phobalbhunaithe, rud a reáchtáiltear i gcomhar le Cumann Croise Deirge na hÉireann. |

## 4 Fáltais

| | | | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **4.1 Leithreasaí-i-gcabhair** | | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Ilghnéitheach | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 405 | | | |
| | | *Forlíontach* | (205) | 200 | 203 | 313 |
| 2. | Fáltais na gcuntas díomhaoin | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 189 | | | |
| | | *Forlíontach* | (189) | — | 189 | — |
| 3. | Fáltais as asbhaint a bhaineann le pinsin as luach saothair na seirbhíse poiblí | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 15,140 | | | |
| | | *Forlíontach* | 302 | 15,442 | 15,530 | 16,038 |
| | **Iomlán** | | | **15,642** | **15,922** | **16,351** |

**Míniú ar éagsúlachtaí suntasacha**

Cuirtear míniú ar fáil thíos i gcás gach fotheideal ina raibh an toradh éagsúil ón tsuim mheasta de níos mó ná €100,000, agus de níos mó ná 5%.

| **Cur síos** | **Níos lú/(níos mó) ná soláthartha €000** | **Míniúchán** |
|---|---|---|
| Ilghnéitheach | (3) | Bíonn sé deacair in amanna leibhéal na bhfáltas faoin mírcheann seo a réamh-mheas (2014: €313,000). Coigeartaíodh an meastachán bunaidh mar chuid den mheastachán forlíontach agus bhí na fáltais faoi dheireadh ar aon dul leis an leithdháileadh athbhreithnithe den chuid ba mhó. |
| Fáltais ó chiste na gcuntas díomhaoin | (189) | Tá fáltais ó Chiste na gCuntas Díomhaoin nasctha go díreach le caiteachas faoi Fho-mhírcheann A.8. Cé gur laghdaíodh an meastachán bunaidh mar chuid den mheastachán forlíontach, tháinig sé chun solais ina dhiaidh sin go raibh caiteachas ann a tháinig aníos sa bhliain 2015 faoi Scéim na gCuntas Díomhaoin. Mar thoradh air sin, tháinig na fáltais chomhfhreagracha aníos agus bhí siad ina gcúis le barrachas nuair a cuireadh iad i gcomparáid leis an leithdháileadh athbhreithnithe. |

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (ar choibhéis lánaimseartha) | 3,308 | 3,381 |

| | 2015<br>€000 | 2014<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 139,840 | 142,050 |
| Liúntais ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 279 | 290 |
| Liúntais eile | 48,316 | 47,968 |
| Tinreamh breise agus ragobair | 30,897 | 31,048 |
| ÁSPC an Fhostóra | 15,681 | 15,570 |
| **Pá Iomlán** | **235,013** | **236,926** |

### 5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair<br>2015<br>€ | Uasíocaíocht aonair<br>2014<br>€ |
|---|---|---|---|---|
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 59 | 3 | 12,004 | 11,560 |
| Tinreamh breise agus ragobair | 3,013 | 1,778 | 26,028 | 22,884 |
| Liúntais uainoibre agus uainchláir | 2,862 | 695 | 16,130 | 18,388 |
| Ilghnéitheach | 3,174 | 319 | 23,903 | 31,252 |
| Líon na ndaoine a fuair luach saothair sa bhreis i níos mó ná catagóir amháin | 3,092 | 2,997 | 52,549 | 50,574 |

### 5.2 Socruithe Luach Saothair Eile

San iomlán íocadh €120,339 do ceithre déag státseirbhíseach a bhí ar scor agus iad ag fáil pinsin státseirbhíse, le méideanna idir €590 agus €25,637 i gceist; athfhostaíodh iad ar dualgais éagsúla le linn 2015. San iomlán íocadh €31,465 do sheisear ball den Gharda Síochána a bhí ar scor; a athfhostaíodh ag an tSeirbhís Phríosúin ar dhualgais shonracha le linn 2015. Cuireadh gnáthaimh chuí i bhfeidhm i dtaca le híocaíochtaí do bhaill fhoirne ar scor de réir Alt 52 den Acht um Phinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

### 5.3 Ró-íocaíochtaí párolla

B'ionann na ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €625,952 (218 cás) (2014: €561,028, 186 cás). Díobh sin, bhí pleananna aisghabhála i bhfeidhm maidir le €460,979 (139 cás), 39 gcás pinsin choinnithe san áireamh.

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Daonra na bPríosún

Ba é 3,722 phríosúnach (2014: 3,916 phríosúnach) an meánlíon measta laethúil príosúnach sa bhliain 2015

### 6.2 Cúiteamh agus Costais Dlí

Áirítear leis an gcuntas caiteachas i dtaca le cúiteamh agus costais dlí a íocadh le príosúnaigh, le baill foirne agus le baill den phobal Áirítear leis freisin costais dlí a thabhaigh Seirbhís Phríosúin na hÉireann i dtaca le cásanna nár bhain le cúiteamh. Léirítear miondealú ar na costais sin sa tábla thíos.

| | | | | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **An líon cásanna** | **Costais dlí ar íoc Seirbhís Phríosúin na hÉireann iad** | **Costais dlí a dámhadh** | **Costais dlí a dámhadh** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Éilimh ag foireann phríosúin** | | | | | | |
| Éilimh shibhialta ag foireann phríosúin do dhíobhálacha a fuarthas agus iad ar dualgas agus ceisteanna eile a bhaineann le foireann phríosúin. | 78 | — | 811 | 245 | 1,056 | 1,217 |
| Éilimh trí mheán an Bhinse Chúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla ag eascairt as díobhálacha a fuarthas ag foireann phríosúin. | 49 | — | 575 | 4 | 579 | 983 |
| **Éilimh ag príosúnaigh** | | | | | | |
| Éilimh a rinneadh ag príosúnaigh ag eascairt as díobhálacha agus as gníomhartha eile ina raibh príosúnaigh i gceist | 200 | — | 468 | 661 | 1,129 | 1,084 |
| Costais dlí nár bhain le cúiteamh | 32 | 564 | — | — | 564 | 478 |
| **Éilimh ag baill an phobail** | 35 | — | 167 | 66 | 233 | 234 |
| | | 564 | 2,021 | 976 | 3,561 | 3,996 |

Ag 31 Nollaig 2015, thaifid an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát 1,622 éileamh mar éilimh gan íoc (2014: 1,201 cásanna).

### 6.3 Costais Adhlactha na bPríosúnach

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia de chuid €17,340 i dtreo costais adhlactha ceithre chiontóir a cailleadh agus iad i bpríosún.

**6.4 Calaois agus Calaois Amhrasta**

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Mí-leithghabháil líomhnaithe stoic/airgid | 1 | 10 |

B'ann do chás amháin de chaimiléireacht amhrasta i 2015 (2014:2). Ba í an bhunsuim airgid a ndearnadh mí-leithghabháil uirthi ná €35,681 agus tugadh ar ais an tsuim ar fad seachas €1,000.

**6.5 Díscríobh an Fhardail**

Tá díscríobh €93,154 i leith stoc éadaigh as feidhm ar áireamh san fhigiúr stoic amhail an 31 Nollaig 2015.

**6.6 Caillteanais Airgid**

Fuarthas bannaí airgid €10,000 i bPríosún Luimnigh ach bhí an t-airgead ar iarraidh sular taisceadh é

Tuairiscíodh an t-ábhar don Gharda Síochána. Dealraíonn sé nach bhfuil aon dóchúlacht ann go n-aisghabhfar an t-airgead. Fuarthas cead le haghaidh an caillteanas ón Vóta Príosún a chur ar ais faoi réir rialuithe a neartú sa réimse seo chun caillteanais airgid den chineál céanna a sheachaint sa todhchaí

Le linn athbhreithnithe a rinneadh ar thaifid airgid, sainaithníodh easnaimh ab fhiú €5,639 san iomlán i bPríosún Chorcaí. Baineann siad leis an tréimhse 2009/2010 agus measadh iad gan a bheith in-aisghafa. Fuarthas an cead cuí chun na méideanna i gceist a dhíscríobh ar an mbonn gur cuireadh nósanna imeachta nua rialaithe i bhfeidhm chun caillteanais den chineál céanna a sheachaint sa todhchaí

**6.7 Dliteanas Teagmhasach**

Tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann rannpháirteach i roinnt imeachtaí dlí ar feitheamh ar féidir go nginfidh siad dliteanais, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá méid nó uainiú iarbhíre na n-ábhar dliteanais neamhchinnte.